# Fógraí

**Bailiúcháin an tSéipéil** 06/04/24 - €590
13/04/24 - €340

**Páirc Pobal Leitir Móir**
Beidh an chéad tarraingt don 50/50 ar mhaithe le Páirc Pobal Leitir Móir ar siúl anocht tar éis an Aifreann.

**Bingo Leitir Móir**
Beidh Bingo ar siúl san Ionad i Leitir Móir Dé Máirt seo chugainn ag 8.00i.n. Tá fáilte roimh chách.

**An Chéad Chomaoineach,**
**S.N. Colmcille, Leitir Móir & Scoil Mhuire, An Tuairín**
Tá an tAthair Gearóid ag tabhairt cuireadh do na gasúir atá ag déanamh a gCéad Chomaoineach agus a dtuismitheoirí chuig an aifreann ar na Sathairn seo a leanas ag a 7 i.n, 27ú Aibrean, 4ú Bealtaine agus 11ú Bealtaine.

**Siúloid "Darkness into Light"**
Beidh an tsiúlóid "Darkness into Light" a eagraíonn Pieta House ar siúl ar an gCeathrú Rua i mbliana. Tosóidh an tsiúlóid ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua ag 4:15r.n. ar an 11ú Bealtaine 2024 (maidin Dé Sathairn). Tá clárú, t-léinte agus tuilleadh eolais ar fáil ar www.darknessinlight.ie nó ar Instagram/Facebook @darknessintolightancheathrurua.
Clárú ar phraghas laghdaithe go dtí 2ú Aibreán.

## Urnaí

A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí,
ón misneach a bhí ag Críost ár dtréadaí,
cuir spreagadh ionainn arís as an nua,
agus cuir ar an mbealach muid le bheith in
éineacht leis na naoimh ar neamh.
Sin é ár nguive chugat trínár dTiarna
**Aiméan**



# *Teach Pobail Ban Tiarna Lourdes & Naomh Colmcille, Leitir Móir*



***Dé Sathairn, 20ú Aibreán 2024***

## Aifrinn na Seachtaine

**Dé Sathairn 20/04/24**
**7.00 sa tráthnóna**

**Cuimhneachán Bliana**
Nan Uí Chonghaile, Camus & Aibhnín.

**Le hAnamnacha**
Conor Devaney, Doirín Glas.
Charles & Eibhlín Uí Loingsigh, Leitir Móir, a n-iníon Finuala Uí Fhatharta & gar-iníon Áine Ní Chonghaile.
Bridie & Séamus Purcell.
Joe Joe & Sarah Ní Loingsigh.
Máirtín Chuinn & a bhean Bríd, Leitir Móir.
Stiofán Ó Cualáin & a bhean Bríd & a iníon Nora, Eanach Mheáin.

**Dé Sathairn 27/04/24**
**7.00 sa tráthnóna**

**Le hAnamnacha**
Bairbre Uí Dhubháin & a mac Pádraic, Cruiminne.
Colm & Mamie Lupáin & a clann Pádraic, Michéal & Cóilín, Eanach Mheáin.
Michéal & Nora O'Malley, Muiceanach, a mac Joe, Sasana & a n-iníon Monica Dillon O'Malley, Boston.

***Solas na bhFlaitheas d'anamacha na marbh uilig***

**An tAthair Gearóid Ó Gríofa** Oifig an Pharóiste ☎ 091 551169 Ríomhphost: paroisteleitirmoir@gmail.com